



2024/2414

16.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2414 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Meán Fómhair 2024

**maidir le bláthola aitol agus tintiúr aitol ó *Juniperus communis* L. a údarú mar bhreiseán beathaithe le
haghaidh gach speicis ainmhíoch**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin foráiltear d'athmheastóireacht a dhéanamh ar bhreiseáin a údaráid de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) Rinneadh na substaintí bláthola aitol agus tintiúr aitol ó *Juniperus communis* L. a údarú gan teorainn ama, i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE, mar bhreiseáin beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Cuireadh na substaintí sin isteach i gClár na mBreiseán Beathaithe ina dhiaidh sin mar tháirgí a bhí ann cheana a bhaineann leis an gcatagóir 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe' i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas maidir le bláthola aitol agus tintiúr aitol ó *Juniperus communis* L. a údarú mar bhreiseáin beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, agus iarradh ann go n-aicmeofaí na breiseáin sin i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (4) D'iarr an t-iarratasóir go n-údarófaí na breiseáin lena n-úsáid in uisce óil freisin. Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, áfach, ní cheadaítear 'comhdhúile blaitithe' a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid na mbreiseán seo in uisce óil a cheadú.
- (5) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (an tÚdarás) ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 22 Márta 2023 ⁽³⁾ go raibh tintiúr aitol ó *Juniperus communis* L. sábháilte do gach speiceas ainmhíoch, do thomhaltóirí agus don chomhshaol, faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin go raibh bláthola aitol ó *Juniperus communis* L. sábháilte do gach speiceas ainmhíoch agus do thomhaltóirí ar uastiúchaintí áirithe a shonraítear a thuilleadh le haghaidh gach speicis. Tháinig sé ar an gconclúid freisin nach meastar go mbeidh úsáid bláthola aitol agus tintiúr aitol ó *Juniperus communis* L. i mbeatha ainmhithe, faoi na coinníollacha atá beartaithe, ina riosca don chomhshaol. Tháinig sé ar an gconclúid freisin gur cheart a mheas go bhfuil bláthola aitol agus tintiúr aitol ó *Juniperus communis* L. greannach don chraiceann agus do na súile, agus gur íogróir craicinn agus riospráide iad. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin ós rud é go bhfuil caora *Juniperus communis* L. agus ullmhóidí díobh aitheanta mar bhlastáin bhia agus ós rud é go mbeadh an fheidhm chéanna acu i mbeatha, go bunúsach, is atá acu i mbia, nach raibh gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise. D'fhóraigh an tÚdarás freisin an tuarascáil ar an modh anailíse ar na breiseáin beathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1970/524/oj>).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2023;21(4):7977.

- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann bláthola aitol ó *Juniperus communis* L. na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substaintí sin a údarú. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.
- (7) Measann an Coimisiún nach gá uaschion a shocrú le haghaidh bláthola aitol ó *Juniperus communis* L. ar chúiseanna sábháilteachta. Ionas gur féidir rialú níos fearr a dhéanamh, ba cheart uaschion molta a shonrú ar lipéad na mbreiseán beathaithe. I gcás ina sárófar an t-uaschion molta, ba cheart faisnéis áirithe a shonrú ar lipéad na réamh-mheascán lena mbaineann.
- (8) Ós rud é nach gá, ar chúiseanna sábháilteachta, na modhnuithe ar na coinníollacha maidir le húdarú bláthola aitol ó *Juniperus communis* L. a chur i bhfeidhm láithreach, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

Na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn agus a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe', údaraítear iad mar bhreiseáin bheathaithe i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. Na breiseáin bheathaithe bláthola aitol agus tintiúr aitol ó *Juniperus communis* L. mar a údaraítear iad de bhun Threoir 70/524/CEE agus na réamh-mheascáin ina bhfuil na breiseáin sin, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 6 Aibreán 2025 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 6 Deireadh Fómhair 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha ina bhfuil na breiseáin bheathaithe dá dtagraítear i mír 1, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 6 Deireadh Fómhair 2025, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 6 Deireadh Fómhair 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.
3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha ina bhfuil na breiseáin bheathaithe dá dtagraítear i mír 1, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 6 Deireadh Fómhair 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 6 Deireadh Fómhair 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

*Airteagal 3***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmí	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe								
2b249-eo	Bláthola aitul	Comhdhéanamh an bhreiseáin Bláthola ó chaora <i>Juniperus communis</i> L. Foirm leachtach Tréithriú na substainte gníomhaí Bláthola aitul Bláthola mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ⁽¹⁾a fhaightear ó chaora <i>Juniperus communis</i> L. trí ghaldriogadh agus comhdhlúthú breise comhábhar luaineach agus ansin iad a scaradh ón gcéim uiscí trí scinceáil. Uimhir CAS: 8002-68-4 Uimhir FEMA: 2604 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 249 Sonraíochtaí α-Pinéin (pin-2(3)-éin): 25,45 % β-Pinéin (pin-2(10)-éin): 1,12 % Saibinéin (4(10)-túighéin): 4,20 % Mircéin: uasmhéid 3,22 % Modh anailíse ⁽²⁾ Maidir leis an marcóir fíicheimiceach pin-2(3)-éin sa bhreiseán beathaithe (bláthola aitul) a chinneadh: crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) (ISO 8897).	Gach speiceas ainmhíoch	—	—	—	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: ‘An t-uaschion molta den tsubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d’ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — 5 mg le haghaidh gach éanlaithe clóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin; — 4 mg le haghaidh gach éanlaithe clóis a thógtar le bheith ina mbéaróga agus le haghaidh pórúcháin seachas turcaithe a thógtar le haghaidh pórúcháin; — 4 mg le haghaidh sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú;	6.10.2034

							— 5 mg le haghaidh turcaithe lena ramhrú agus turcaithe a thógtar le haghaidh pórúcháin; — 3 mg le haghaidh éin ornáideacha; — 10 mg le haghaidh <i>Suidae</i> uile le haghaidh atáirgthe; — 7 mg le haghaidh bainbh uile <i>Suidae</i> (bainbh diúil agus scoite); — 8 mg le haghaidh muca lena ramhrú; — 7 mg le haghaidh muca de mhionspeicis <i>Suidae</i> lena ramhrú; — 15 mg le haghaidh — caorach agus gabhar; — athchogantach agus <i>Camelidae</i> lena ramhrú; — 10 mg le haghaidh gach athchogantaigh eile agus <i>Camelidae</i>; — 15 mg le haghaidh <i>Equidae</i>; — 17 mg le haghaidh salmainidí agus mionéisc eite; — 20 mg le haghaidh éisc ornáideacha; — 6 mg le haghaidh coiníní; — 18 mg le haghaidh madraí; — 3 mg le haghaidh cat; — 3 mg le haghaidh speicis nó catagóirí eile ainmhithe’.	
--	--	--	--	--	--	--	---	--

							4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don análú, do na súile agus don chraiceann.	
⁽¹⁾ Natural sources of flavourings - Report No. 2 [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007). ⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.								

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhithe	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe								
2b249-t	Tintiúr aitol	Comhdhéanamh an bhreiseáin Tintiúr ó chaora <i>Juniperus communis</i> L. Foirm leachtach Tréithriú na substainte gníomhaí Tintiúr aitol Tintiúr mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ⁽¹⁾a fhaightear ó chaora <i>Juniperus communis</i> L. trí eastóscadh le meascán tuaslagóra uisce/eatánóil, fásadh agus scagadh. Uimhir Chomhairle na hEorpa: 249 Sonraíochtaí Ábhar tirim: uasmhéid 1,5 % Tainníní (mar phireagallól): uasmhéid 0,02 % α-Pinéin: uasmhéid 0,0064 % Modh anailíse ⁽²⁾ Maidir leis an marcóir fíicheimiceach tainníní sa bhreiseán beathaithe (bláthola aitol) a chinneadh: speictreafótaiméadracht (Pharmacopoeia Eorpach 20814).	Gach speiceas ainmhíoch	—	—	—	- Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. - Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. - Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: 'An cion molta den tsubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: 45 mg/kg le haghaidh gach speicis ainmhíoch.' - I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis.	6.10.2034

							5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don análú, do na súile agus don chraiceann.	
--	--	--	--	--	--	--	--	--

⁽¹⁾ Natural sources of flavourings - Report No. 2 [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007).

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.